AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábhar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

IML. 11. UIMH. 28. 30ú IÚL, 1965.

EAGARḞOCAL. 30-7-1965

Bua Príosúin

TÁ MUINTIR NA GAELTAĊTA I BPRÍOSÚN ARÍS. Sin é an gáir a ḃí le cloisint ṫart timpeall Montseoí agus ar fud Ḃaile Áṫa Cliaṫ an tseaċtain seo caite. In aineoin naċ raḃ Páipéir Nuaíoċta ar biṫ agus nár tugaḋ poiblíoċt ar biṫ do ar nDó ar Radio Éireann nó Telefís Éireann ċuaiġ an ġáir sin fada leiṫeadaċ.

IS IONTAĊ AN RUD SA TSAOL atá ann gur gá do ḋaoine dul i bpríosúin fós mar agóid ag iarraiḋ ceart a ḟáil don Ġaeltaċt. Tá Gaeltarra ann, adeirtear. Tá Roinn na Gaeltaċta ann. Tá scéimeanna ann do seo, siúd agus an rud udaiġ eile. Níl ag pobal na Gaeltaċta aċ úsáid a ḃaint as na scéimeanna atá ann agus beiḋ siad ar ṁuin na muice adeirtear. Sin mar adeir Stát-seirḃísiġ. Sin mar tá sé ráite sa Páipéar Bán ar ċostas ṗoiblí. Ní raḃ aċ freagra aṁáin ar sin — go raḃ an Ġaeltaċt ag bánú teiṫe ar fad in aineoin na "scéimeanna" a ċuirfeaḋ ar ṁuin na muice. Anois tá freagra eile. Dá mba fíor dá bfuil sa Páipéar Bán ní ḃeaḋ ar daoine tuigseanaċ, substainteaċ, meán-aosta dul i gceann agóide agus príosúin le ceart éigin a ḟáil dá gceantar Gaeltaċta féin.

TÁ FREAGRA IOMLÁN AR ṖLÁSAÍOĊT Stát Seirḃíseaċ sa Páipéar ins na gníoṁ seo. Ní gan maċtnaṁ agus smaointiú a ċuaiġ daoine pósta le cúram cloinne, iascairí substainteaċ, óstaí múinteoir ar agóid cánaċ agus aġaiḋ acu ar ṗríosún Montseoí. Ní réaḃlóidiġ ar biṫ iad — dreaṫar céile do Aire Rialtas Áitiúla duine acu. Níor ceanglaḋ aoinne acu le tuairmí laidre poiliticiúla riaṁ. As géar riaċtanas a d'eascair an gníoṁ seo. Maraċ go bfuil 95 per cent. de pobal na Gaeltaċta ṫar sáile d'eascróḋ gníoṁ ní ba reaḃlóidí as. Is léir go dtuigeann na h-údarais gur ṗobal sean ċaite aosta tá fágṫa sa Ġaeltaċt as naċ gá do na húdarais faitíos a ḃeiṫ orṫa rompa.

BÁ ĊEAĊT FAOI LEIṪ ATÁ LE FOĠLUIM as na himeaċta seo. Ní miste do na húdaraisí a ṫuigbeáil gur beag ṁaiṫ a ṫuille a ḃeiṫ ag smaointiú rudaí a ṁeas-as Stáit Seirḃísiġ Ḃaile Áṫa Cliaṫ a ba ċeart daofa a ḃeiṫ ag iarraiḋ a ṫaḃairt do ṗobal na Gaeltaċta. Tá ḟios ag Muintir na Gaeltaċta caidé tá siad ag iarraiḋ — saoṫrú seasta agus rudaí bunúsaċa eile a cuireaḋ in iúl ċeana. Ní aicme iargcúlta ar biṫ an Ġaeltaċt as ní ġlacfaḋ pobal na Gaeltaċt le "aṫraċas" no fuehreraċt ar biṫ a ḃéarfaḋ le fios go bfuil ḟios ag daoine eile caidé is fearr daofa.

TÁ CEAĊT LE FOĠLUIM ag pobal na Gaeltaċta fosta. Is ceantraċa beaga scaite na Gaeltaċta gan mórán taḃaċt poiliticiúil leo. Coṁ fada is ḟanas siad ciún is iad an dual is faide siar ar coigeal rialtas nó údaras ar biṫ. Aċ tógaḋ siad racan nó callán agus scéal eile ar fad atá ann. Ní ṫiocfaí aisling deas na h-aiṫbeoċána a ṁilleaḋ. Mar sin nuair a ṫéid sé go cnáṁ na huilleann géilltear don Ġaeltaċt. Ḃain Annraoi Ó Corrduiḃ nuair a ḃí sé i bpríosún i 1957.

An Ċéad Ċuairt Easpag in Árainn Ṁóir

Ġáirdeaċas agus Lúṫġár i gColáiste Cróna

COMORAḊ ÓNÓRA ISTEAĊ Ó AILT AN ĊORRÁIN

BA ÓCÁID STAIRIÚIL É IN ÁRAINN ṀÓR DIARDAOIN SEO CAITE, NUAIR A ṪUG AN DR. SÁR-OIRṀINNEAĊ MAC FIṪĊILLE, TIARNA EASPAG RAṪḂOṪ, CUAIRT OIFIGIÚIL AR ĊOLÁISTE CRÓNA.

Ḃí oll-ġáirdeaċas agus lúṫġár ní h aṁáin ar ḃunú na coláiste, idir scolairí agus múinteoirí, aċ ar muintir an oileáin uile.

ĊUAIĠ TRÍ ḂÁD, LE GÁRDA ONÓRA DE SCOLAIRÍ SINSEARAĊA AGUS REAĊTAIRÍ AMAĊ GO H-AILT A' ĊORRÁIN. IN ARACAIS AN EASPAIG.

Níl aon cuntas gur ṫug Easpag ariaṁ roiṁe cuairt oifigiúil ar Árainn Ṁór, naċ raiḃ baint aige le Dul fé Láiṁ Easpag nó cúrsaí creidiṁ.

Ag labairt le linn fáiltiú don Easpag, dúirt Brian Ó Gallċoḃair, O.S., ag labairt ṫar ċeann múinteoirí na Coláiste, go dtug Raṫḃoṫ, Colmcille do Ḋoire agus go raiḃ Doire ag íoc an coṁar arais leo anois, nuair a ṫug siad an Dr. Mac Fiṫċille do Raṫḃoṫ.

Dúirt an Tiarna Easpag go raiḃ sé iontaċ sásta le cuid oibre Ċoláiste Cróna, agus gur ṁaiṫ leis a ṁeas orṫa a ṫaispeáint, agus misneaċ agus spreagaḋ a ṫaḃairt díoḃa san obair bí siad ag ḋéanaṁ.

Toisc éiginnteaċt na h-aimsire, ní ḃfuair Coláiste Cróna scéala go dtí an ṁaidin sin go raiḃ an tEaspag le cuairt a ṫaḃairt orṫa, agus nuair a ṫáinig an teaċtaireaċt ċuig an Aṫair Mac Grianra, ní hiontas ar biṫ go raiḃ driopás ar múinteoirí agus scoláirí na coláiste, ag ullmú fá ċoinne cuairt an Easpaig. Aċ, gairid is mar ḃí an scéala, ba ḃreá mar cuireaḋ fáilte roiṁ an Easpag ar a ċéad ċuairt go h-Árainn Ṁór.

Ċuaiġ trí ḃádaí speisialta le lasta de ṁúinteoirí agus reaċtairí agus scoláirí sinsearaċa na coláiste amaċ go h-Ailt an Ċorráin, agus Sagairt an Oileáin, an tAṫair Mac Grianra, S.C., leo, casaḋ le Sagart na Paráiste, an tAṫair Mac Páidín, iad ansin.

Ċuir Sagart na Paráiste agus an tAṫair Mac Grianra agus Peadar Ó Ceallaiġ, Uaċtarán Ċoláiste Cróna, fáilte croiúil roiṁ an Easpag ar an ċéiḃ, agus ḃí gárda onóra de na scoláirí lena ṫionlacan síos go dtí an bád.

Ḃí brataċ an Pápa ar foluaṁán os cionn bár an easpaig agus caṫaoir ríoga ar ċlár an báid fána ċoinniḃ. Ḃí brataċa na hÉireann ar an dá ḃád tionlacan.

Ba álainn, aoiḃinn an raḋarc é, na trí bádaí ag gluaiseaċt go statúil amaċ ó Ailt an Ċorráin, bád an Easpaig ar tús, agus an dá ḃád eile ar ċlé, agus ar ḋeis taoḃ ṫiar de. Ċeol na scoláirí aṁráin diaḋa agus náisiúnta.

Nuair a ṡroiċ siad an ċeiḃ ar an Lead Garḃ ḃí 200 scoláirí ina dá líne anuas ar dá ṫaoḃ na céiḃe, agus nuair a ċur an tEaspag a ċos ar an ċéiḃ, tógaḋ na gárṫa molta agus tugaḋ an bualaḋ bos dó ar fad, agus ċluinfeá arís, agus arís eile, ag na scórṫa scoláirí agus muintir an oileáin— Fáilte Róṁat a Ṫiarna Easpaig. D'uṁlaiġ na scoláirí ina reancanaiḃ don Easpaig, do réir mar ḃí sé ag siúl suas an céiḃ.

Ag ceann na céiḃe, ċuaiġ an tEaspag, agus Sagart na Paráiste, coṁ maiṫ leis an Sagart Mac Grianra, S.C., agus Rúnaí an Easpaig, an tAṫair Ó Friġil, Leitir Ceanainn, agus Uaċtarán Ċoláiste Cróna, isteaċ i ngluaisteán, agus tiomáineaḋ an tEaspag siar frío bailte agus tiṫe an oileáin go dtí an pointe is fuide siar ar ḃárr Aṫport. Ṫug an tEaspag a ḃeannaċt do ċruinneagáin daoine ar dá ṫaoḃ an ḃealaí.

Ḃí páirtí an Easpaig iontaċ sásta ar fad leis na raḋarcanna áilne atá le feiceáil ón taoḃ seo do Oileán Árann, isteaċ go tírmór agus ó ḋeas ó Portnua.

Ag teaċt ṫar nais, ċuaiġ an páirtí frío an Uilleainn, agus tugaḋ cuairt ġearr ar Teaċ Ṗobail Naoṁ Cróna.

Ṫáinig siad aníos ṫart le faiṫċe leadóige na coláiste, go dtí halla tionóil Coláiste Cróna, an áit a raiḃ na scoláirí go léir cruinn roiṁe, agus ar tugaḋ bualaḋ bos mór dó arís, agus é ag dul isteaċ san halla agus suas ar an árdán.

Ag fáiltiú roiṁ an Easpaig dó, dúirt Peadar Ó Ceallaiġ, Uaċtarán Ċoláiste Cróna, gurb é an ócáid é seo ba mó a ṫug spreagaḋ agus misneaċ díoḃa, ó cuireaḋ Coláiste Cróna ar bun, tá cúig bliana ó ṡin. Ní raiḃ an t-Easpag i muinín focla ar biṫ lena spéis in obair na coláiste agus in Oileán Árainn, a ṫaispeáint, aċ, ṫáinig sé ċucu ar ċuairt speisialta taoḃ istiġ de ṁí ó ṫáinig sé i réim mar Easpag i Ráṫḃoṫ.

Ḃí bród agus gáirdeaċas air mar Uaċtarán na Coláiste, adúirt sé, an Tiarna Easpag Raṫḃoṫ, a ċur in aiṫne don slua (Ḃualaḋ bos mór).

Dúirt an Dr. Sár-Oirṁinneaċ Mac Fiṫċille, Tiarna Easpag Raṫḃoṫ, go raiḃ sé ag glacaḋ an ċaoi seo le taispeáint gur mór aige an obair a ḃí ar siúl ins na Coláistí Gaeilge, agus gur ṫug sé an ċuairt seo orṫa lena ṁeas a ċur in iúl ar an obair sin, agus leis na scoláirí a spreagaḋ ċun tuilleaḋ suime do ċur ina gcuid oibre, agus meas a ḃeiṫ acu ar an saoṫúlaċt ba ḋúċas díoḃa a ḃeiṫ acu. Ṫiocfaḋ sé arais, adúirt sé, ċuig an ċoláiste, an ṁí dár gcionn. (An ḃualaḋ bos).

Ṫug an tEaspag a Ḃeannaċt speisialta do ṁúinteoirí, scoláirí, mná tí, agus gaċ duine a raiḃ baint aige le Coláiste Cróna, agus do ṁuintir an oileáin, a ḃí istiġ coṁ maiṫ. Ċuaiġ gaċ duine ar a ġlúine do Ḃeannaċt an Easpaig. Ṫar ċionn scoláirí Ċoláiste Cróna, léiġ Thelma Ní Ṁurċú, Ḃaile Áṫa Cliaṫ, díleagra fáilte don Dr. Sár-Oirṁineaċ Mac Fiṫċille, Tiarna Easpag Raṫḃoṫ.

Díleagra Fáilte

Á Ṫiarna Easpaig,

Cuirfimid fáilte mór croiúil na Gaeltaċta roiṁ do Ṁórḋaċt go h-Oileán ársa Árainn, agus go Coláiste Naoṁ Cróna.

Is mór agus is ró ṁór ar fad an onóir seo dúinn, tú teaċt ċugainn ṫar farraige anall, cúpla seaċtain indéiḋ tú teaċt mar Easpag go Deoise Raṫḃoṫ, agus is mór ár lúṫġáir roṁat, agus is mór ár ndílseaċt duit mar coṁarba Naoṁ Áḋaṁnáin.

Fáiltimid roṁat go speisialta mar ċoṁarba Áḋaṁnáin, agus muid ag cuiṁniú go raiḃ Áḋaṁnán Naofa ós cionn Deoise Raṫḃoṫ, nuair a ḃí Crón beag ṫuas anseo ar an Tearmon. An ḃean ḃeannaiṫe a scaip an Ċríostaíoċt frío na Rosa ar tús agus a d'ḟág a h-ainm agus a cáil in Árainn agus ar Teaċ Ṗobail an Oileáin agus ar an ṗaráiste seo. a cuireaḋ ar bun roinnt blianta ó ṡin le ḃárr-ṡaṁailteaċa Crón, de ṫairḃe Creideaṁ agus mórḋúlaċt agus teanga na h-Éireann, a ċaoṁnú.

Is mór againne ar fad dream óg na hÉireann inniu, go dtug tusa, a Ṫiarna Easpag, an ċuairt seo orainn, anseo insan Ċoláiste Gaeilge seo, an áit a bfuil muid ag fáil blas ár teanga agus saoṫúlaċt ár muintire, agus ag tuigbeáil, níos fearr ná tuig muid, ariaṁ roiṁe, an dúċas ⁊ an oiḋreaċt atá indán dúinn anseo in Éirinn.

Ba mór an tógáil croí dúinn mar scoláirí, nuair a ṫáinig muid go dtí an coláiste seo ar dtús, agus fuair muid amaċ go raiḃ Gaeilg dá úsáid ag muintir an oileáin ó ṁaidin go h-oíċe ⁊ go raiḃ seirḃísí Dé, agus Aifreann Naofa Dé, le cloisint as

(Ar lean. ar leaṫ. 6)

Ḃain iascairí Inis Ḃearaċáin coṁ luaṫ as cuireaḋ i bpríosún iad. Ḃain luċt agóide Muiġeo Dia Saṫairn seo caite nuair a fuair siad geallúint ó Coṁairle Condae Ṁuiġeo. Naċ leor nod don eolaċ?

Bua Ón Príosúin

Taréis dóiḃ geallúint a ḟáil ó Ċoṁairle Ċondae Ṁuiġeo ar an Saṫarn, 24-7-65, go ndéanfaí cúram de ḃóiṫre a gceantair gan ṁoill, d'ḟág an cúigear as Gaeltaċt Ṁuiġeo a ḃí i Montseoí ón Aoine, an 23ú lá, an príosún oíċe Dé Saṫairn. Is de ḃárr rún a riṫeaḋ ar ṁolaḋ ó Eoġan Ó hAoḋa ag cruinniú de Ċoṁairle Ċondae Ṁuiġeo ar an Saṫairn a fuarṫas an geallúint sin. Nuair a ḃí an geallúint sin faiġṫe ón Ċoṁairle Ċondae, ḃí an cas buaiṫe ag na príosúnaiġ. Dá ḃrí sin, d'íoc siad na fineáil a gearraḋ orṫa.

Mar agóid faoi ḋroċ - stáid na "mbóṫar sa ċeantar", ní raiḃ cáin bóṫar íocṫa aca ar a gcuid gluaisteán. Seo an tarna uair a ṫárla a leiṫéid. Ḃí Annraoi Ó Corrḋuiḃ i bpríosún i 1957 ar an gcúis ċéanna, agus nuair nár deineaḋ beart do réir na ngeallúintí a fuair siad an uair sin, ṡocraiġ siad ar an rud céanna a ḋéanaṁ arís. Tá sé ag brát anois ar an gCoṁairle Condae cur lena ngeallúintí. Mura ndeintear aṁlaiḋ, beiḋ ar ṁuintir an ċeantar an troid ċéanna a ḋéanaṁ arís—agus tá siad toilteanaċ é a ḋéanaṁ; tuigeann siad anois go n-imíonn focal le gaoiṫ, aċ go n-imíonn buille go cnáṁ.

Ar na daoine a ḃí i bpríosúin Montseoí ḃí:

P. Ó DONAILL,
Port Duirlinn (iascaire).

P. MACAINDRIÚ.
Port Duirlin (iascaire agus feilméara).

T. Ó BEIRN, Ceaṫrú Ṫaiḋg, 65 bliana d'aois. Ḃí sé sa bpríosún ċeana 1922-23 nuair a ḃí sé san I.R.A.

P. Ó GARḂAIN, pósta, beirt clainne — teaċ ósta aige.

ANNRAOI Ó CORRDUIḂ— pósta, triúr clainne, sa bpríosún ċeana 1957 — ar an gcóir ċéanna.

Mac-léinn (21) ag lorg obair san Gaeltaċt nó áit ar biṫ in bfuil Gaeilge labraitear agus úsáidtear. Tá sé anṁaiṫ le péinteáil. mion-jobbaí ⁊rl. Déanfaiḋ sé maċnaṁ ar gaċ uile ṡórt obair. Beiḋ sé saor anois go dtí Deireaḋ Fóṁair. — Miċeál Ó Caṫail, "Corrabann", Bóṫar Knapton, Dún Laoġaire.